

# Cáca Milis -

## Téama:

Is scannán dorcha é an scannán seo ina fheicimid mailís fhíochmhar. Is iad díoltas, frustrachas, agus fearg téamaí an scannáin. Faighimid léargas ar thréithe na beirte sa traein. Ag tús an scannáin, tá cuma ar an bhean óg gur duine deas, proifisiúnta í. Ach ní hionann i gcónaí an cófra is a lucht! Cé go gcuireann an fear dall isteach ar an bhean, níl an drochíde a fhaigheann sé tuillte aige. Nochtar olc agus gangaid na mná go paiteanta. Tá scéal grá á léamh aici agus, mar sin, tá íoróin ar leith ina hiompar.

## Coimhlint:

Is gné lárnach an choimhlint sa ghearrscannán seo. Tá an bhean óg ag iarraidh a leabhar a léamh, ach ní thugann an fear dall seans di. Cé go bhfuil a lán spás sa charráiste, suíonn sé os a comhair. Cuireann sé coiscríú fúithi. Cé nach bhfuil sí cairdiúil leis, leanann sé air dá crá. Léirítear an teannas idir an bheirt go soiléir. Sa deireadh, baineann an bhean díoltas uafásach amach ar an fhear bocht. Baintear stad as an lucht féachana nuair a fheicimid an fear dall ag fáil bháis agus an t-ionanáilitheoir ar an tábla os a comhair. Baintear stad as freisin nuair a imíonn an bhean ag an deireadh gan stró ar bith uirthi. Cuireann an teannas agus an choimhlint le héifeacht chur i láthair an scannáin.

## Pearsana -

**An fear dall:** Is fear **meánaosta** é an fear dall. Tá sé rud beag **neirbhíseach** ann féin, agus bíonn sé **corrthónach** in amanna. Tá sé soléir gur breá leis an saol agus go bhfuil sé **sona**. Cé nach bhfuil radharc na súl aige, níl trua aige dó féin. Tá sé chomh **sásta** lena shaol nach dtuigeann sé saol príobháideach dhaoine eile. Cuireann sé isteach ar an bhean óg, mar ní thuigeann sé nach bhfuil fonn cainte uirthi. Bíonn trua ag an lucht féachana dó, mar tá sé **soghonta** agus tá asma air. Itheann sé ar nós muice, ach níl an bás a fhaigheann sé sa deireadh tuillte aige.

**An bhean óg:** Ag tús an scannáin, feicimid gur **gnáthbhean** í. Ach tá sí **teann** go leor lena máthair. Nuair a shuíonn an fear dall síos os a comhair, bíonn sé ag scuabáil na gcos faoin tábla. Tosaíonn sé ag caint gan stad, agus cuireann sé isteach uirthi nuair nach mbogann sé di. Iarrann sé uirthi cupán caife a fháil di, ach diúltaíonn sí. Iarrann sé uirthi siúcra a chur sa chaife dó, ach diúltaíonn sí. Deireann sí leis go bhfuil loch agus báid lasmuigh nach bhfuil ann. Is léir go bhfuil an fear dall trí chéile, ach cuireann an dóigh a bhfuil sé ag ithe déistin uirthi.

Feicimid gur duine **crúálta, díoltasach** í ag deireadh an scannáin. Socraíonn sí ar bhob gránna a bhualadh ar an fhear. Baineann sí geit as ag rá go bhfuil péist le feiceáil sa cháca milis. Nuair a chuireann sí an t-ionanáiltheoir ar leataobh, cuireann sí an fear dall chun báis agus níl trua dá laghad aici don fhear bocht.

### **Mo Bharúl:**

Is gearrscannán thar a bheith cliste an scannán seo. Faighimid léargas cuimsitheach ar bheirt charachtar atá difriúil ar fad. Is scannán dorcha é ina bhfuil greann agus íoróin le feiceáil. Is scéal grá é an leabhar atá ag an bhean ach ní duine grámhar í ar chor ar bith. Tá an stíl scannánaíochta gonta agus simplí. Dírítear ar bheirt charachtar, agus ní úsáidtear guthú ar bith. Deirtear cuid mhór sa scannán le dreach gnúise agus bogadh cinn. Feicimid fearg, crá agus fonn díoltais ar aghaidh na mná. Feicimid sonas, féinmhuinín agus imní ar aghaidh an fhir dhail. Úsáidtear seat teann go minic sa scannán - Rud a chuireann go mór leis an atmaisféar tiubh.